

An Taoiseach i bPáras

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoina raibh idir lámha ag an Taoiseach i bPáras.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

- 1) Irish bank debt _____
- 2) finance ministers _____
- 3) European area _____
- 4) since he was elected _____
- 5) Presidency of the European Council _____
- 6) joint communiqué _____
- 7) German Chancellor _____
- 8) the only country that had to _____
- 9) bondholders _____
- 10) to be left destitute _____

(b) Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Athscríobh, in aon abairt amháin, na tuairimí a chuir na daoine seo a leanas in iúl: **An Taoiseach / Michael Noonan / Michael McGrath**

Ceist 3 Éist leis an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad é an dá choinne a bhí ag an Taoiseach i bPáras?
2. An bhfuil Angela Merkel agus François Hollande ar aon intinn faoi chás na hÉireann?
3. Cén tír atá le hUachtaránacht na Comhairle Eorpaí a ghlacadh i mí Eanáir?

Ceist 4 ‘...*ar cheann*...’

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

(a) Cad a tharlaíonn don ainmfhocal tar éis na réamhfhocal seo a leanas, is é sin, cé acu a ghlacann séimhiú? Mar shampla: **le Máire**

de, do, ag, chuig, faoi, as, go, go dtí, mar, seachas, ó, roimh, trí

(b) Anois, cad faoi na cinn seo?:

ar, gan, idir, thar

(c) Cuir gach réamhfhocal thuas in abairtí anois.

Ceist 5 An tuiséal ginideach uatha

Cuir na focail thíos atá idir lúbíní sa tuiséal ginideach. Bhí an chéad chúpla sampla i ngach cás thíos le cloisteáil sa mhír nuachta.

(a) Ainmfhocail agus tíortha (bíonn na tíortha baininscneach de ghnáth)

Uachtarán (an Fhrainc): _____
Bainc (Éire): _____
Seansailéir (an Ghearmáin): _____
Céad-Aire (Albain): _____
Uachtarán (an Spáinn): _____

(b) Dhá ainmfhocal le chéile

Airí (airgeadas): _____
Cúrsaí (oideachas): _____
Modhanna (staidéar): _____

(c) Ainmfhocal tar éis na haidiachta briathartha

Ag glacadh (páirt): _____
Ag déanamh (céim): _____
Ag tabhairt (cuairt): _____

(d) Focail a chuireann cainníocht in iúl

Tuilleadh (airgead): _____
Easpa (arán): _____
Barraíocht (obair): _____

(e) Réamhfhocail chomhshuite

Tar éis (an cruinniú): _____
I ndiaidh (an scrúdú): _____
Os comhair (an freastalaí): _____

(f) Ainmfhocal agus aidiacht sa tuiséal ginideach

Uachtaránacht (an Chomhairle Eorpach) _____
Muintir (an tír bhocht): _____
Airgead (an bhean bhacach): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.

- An bhfuil Gaeilge mhaith ag ár dTaoiseach, dar leat?
- An gcuirfeadh sé isteach ort mura mbeadh Gaeilge líofa ag an Taoiseach?
- Cén íomhá a thugann sé don tír nuair a bhíonn Gaeilge ag an Taoiseach, agus nuair a labhraíonn sé í go rialta, dar leat?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|---------------------------------------|--|
| 1) Irish bank debt | <i>Fiacha baincéireachta na hÉireann</i> |
| 2) finance ministers | <i>airí airgeadais</i> |
| 3) European area | <i>limistéar an euro</i> |
| 4) since he was elected | <i>ó toghadh é</i> |
| 5) Presidency of the European Council | <i>Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí</i> |
| 6) joint communiqué | <i>comhráiteas</i> |
| 7) German Chancellor | <i>Seansailéir na Gearmáine</i> |
| 8) the only country that had to | <i>an t-aon tír arbh éigean di</i> |
| 9) bondholders | <i>sealbhóirí bannaí</i> |
| 10) to be left destitute | <i>fágtha ar an trá fholamh</i> |

Ceist 2

An Taoiseach: Is í Éire an t-aon tír nár fhág na sealbhóirí bannaí ar an trá fholamh agus is cás speisialta í an tír dá bharr sin. Cuireadh a lán airgid isteach sna bainc cheana, agus ní gá a thuilleadh airgid a chur isteach iontu. Tuigeann François Hollande agus Angel Merkel é seo.

Michael Noonan: Deir sé go bhfuil François Hollande agus Angel Merkel ar aon intinn faoi chás na hÉireann agus gur cás speisialta atá ann. Tá sé ag súil le tuilleadh cainteanna an bhliain seo chugainn, go háirithe idir an Ghearmáin agus Éire faoin scéal.

Michael McGrath: Cé go bhfáltíonn sé roimh an chomhráiteas, deir sé gur comhráiteas doiléir go leor é.

Ceist 3

- 1) Thug sé cuairt ar cheann de na haontaí bia is mó ar domhan a bhfuil scór comhlacht as Éirinn ag glacadh páirte ann. Bhí cruinniú uair an chloig aige le François Hollande chomh maith.
- 2) Tá. Tá siad den tuairim gur cás speisialta é cás na hÉireann.
- 3) Éire.

Ceist 4

Séimhiú: de, do, faoi, mar, ó, roimh, trí

Gan séimhiú: ag, as, chuig, go, le, go dtí, seachas

Ar: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **ar** nuair is é an chiall *on* i mBéarla atá ann. Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **ar** (i) nuair is ionad ginearálta é – ar bord, (ii) nuair atá staid i gceist – ar meisce, ar ceal, ar siúl nó (iii) nuair atá am i gceist – ar maidin, ar ball.

Gan: Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **gan** ach amháin (i) má tá na dentals agus **f** i gceist – gan chead ach gan sos, (ii) má thagann níos mó ná focal amháin tar éis **gan** – gan punt amháin nó (iii) má bhíonn ainm dílis ann – gan Máire.

Idir: Cuirtear séimhiú ar na hainmfhocail a leanann **idir** más *both* atá i gceist – idir bheag agus mhór, agus más *among* atá i gceist – idir dhaoine. Ní chuirtear séimhiú ar na hainmfhocail más *between* atá ann – idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath.

Thar: Leanann séimhiú **thar** de ghnáth ach amháin más ainmfhocal éiginnte a leanann é – thar ceann, thar bráid.

Ceist 5

(a) Ainmfhocail agus tíortha (bíonn na tíortha baininscneach de ghnáth)

Uachtarán (an Fhrainc):	Uachtarán na Fraince
Bainc (Éire):	Banc na hÉireann
Seansailéir (an Ghearmáin):	Seansailéir na Gearmáine
Céad-Aire (Albain):	Céad-Aire na hAlban
Uachtarán (an Spáinn):	Uachtarán na Spáinne

(b) Dhá ainmfhocal le chéile

Airí (airgeadas):	Aire airgeadais
Cúrsaí (oideachas):	Cúrsaí oideachais
Modhanna (staidéar):	Modhanna staidéir

(c) Ainmfhocal tar éis na haidiachta briathartha

Ag glacadh (páirt):	Ag glacadh páirte
Ag déanamh (céim):	Ag déanamh céime
Ag tabhairt (cuairt):	Ag tabhairt cuairte

(d) Focail a chuireann cainníocht in iúl

Tuilleadh (airgead):	Tuilleadh airgid
Easpa (arán):	Easpa aráin
Barraíocht (obair):	Barraíocht oibre

(e) Réamhfhocail chomhshuite

Tar éis (an cruinniú):	Tar éis an chruinnithe
I ndiaidh (an scrúdú):	I ndiaidh an scrúdaithe
Os comhair (an freastalaí):	Os comhair an fhreastalaí

(f) Ainmfhocal agus aidiacht sa tuiséal ginideach

Uachtaránacht (an Chomhairle Eorpach)	Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí
Muintir (an tír bhocht):	Muintir na tíre boichte
Airgead (an bhean bhacach):	Airgead na mná bacáí

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Cás faoi leith atá sa tír seo agus i bhfiacha bhancanaíⁱ na hÉireann a dúirt Uachtarán na Fraince, François Hollande leis an Taoiseach i bPáras tráthnóna. Dúirt sé go n-aithníonn an Ghearmáin é seo agus go nglacfar sin san áireamh nuair a bheas airí airgeadais limistéar an Euro i mbun cainteanna ar ról an ESMⁱⁱ le cabhair a thabhairt do na bancanaí. Ba é seo an chéad chruinniú ag Enda Kenny agus ag François Hollande ó toghadh ina uachtarán é.

Peadar Mac Gaoithín

Bhí an Taoiseach i bPáras inniu le cuairt a thabhairt ar cheann de na haontaí bia is mó sa domhan ina bhfuil beagnach scór comhlacht Éireannach ag glacadh páirte. Bhí cruinniú uair an chloig ag Enda Kenny fosta le hUachtarán na Fraince, François Hollande le ceisteanna faoin Aontas Eorpach a phlé sula nglacfaidh Éire le hUachtaránacht na Comhairle Eorpaí i mí Eanáir. Cosúil mar a dúradh sa chomhráiteas a d'eisigh Enda Kenny agus Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, inné, dúirt François Hollande tar éis an chruinnithe tráthnóna gur cheart cás speisialta a dhéanamh d'fhiacha baincéireachta na tíre seo, ba cheart go mbainfeadh aon socrú le fiacha ón am a chuaigh thart chomh maith le fiacha amach anseo a dúirt sé. Dúirt an Taoiseach gur cás speisialta é an tír seo toisc gurb í an t-aon tír í arbh éigean di glacadh le réiteach Eorpach agus nár tugadh deis d'Éirinn sealbhóirí bannaí a fhágáil ar an trá fholamh.

An Taoiseach, Enda Kenny

Cuireadh airgead isteachⁱⁱⁱ i mbancanna na hÉireann le cúpla bliain anuas agus ní^{iv} gá tuilleadh airgid a chur isteach iontu ach sin an deacracht atá ag muintir na hÉireann, agus ag éirí as sin an tuiscint atá aige (François Hollande) faoi cé chomh speisialta is atá cás^v na hÉireann agus tuigeann an Seansailéir an rud céanna.

Michael Noonan

Dúirt siad araon go bhfuil cás speisialta ag Éirinn^{vi} anois i dtaobh na bhfiach^{vii} atá againn, agus tá súil agam an bhliain seo chugainn go mbeidh díospóireacht eadrainn go léir san Eoraip ach go speisialta an Ghearmáin agus Éire chun an cás speisialta sin a chur i bhfeidhm agus chun airgead a chur faoi thús an cháis sin.

Peadar Mac Gaoithín

Chuir urlabhraí airgeadais Fhianna Fáil, Michael McGrath, fáilte roimh chomhráiteas an Taoisigh agus Angela Merkel níos luaithe ach is ráiteas doiléir atá ann a dúirt sé. Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

ⁱ *bainc* atá sa chaighdeán

ⁱⁱ European Stability Mechanism / Sásra Cobhsaíochta Eorpach

ⁱⁱⁱ *sna* a deirtear

^{iv} *níor* a deirtear

^v *chás* a deirtear

^{vi} *Éire* a deirtear

^{vii} *na fiachraí* a deirtear